# Daonlathas agus Athrú

## Na Toghcháin Áitiúla de 1920 in Éirinn




Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil
i gcomhar leis an
Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil

# Daonlathas agus Athrú
## Na Toghcháin Áitiúla de 1920 in Éirinn

Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil
i gcomhar leis an
Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúi

Arna fhoilsiú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil

© Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil [Meán Fómhair 2020]

Téacs agus íomhánna arna gcur ar fáil ag baill de Chartlannaithe  agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, nó a tharchur i bhfoirm ar bith nó ar bhealach ar bith, leictreonach, meicniúil, fótachóipeáil, taifeadadh nó eile, gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Deartha ag: Yellowstone

Íomhá ar an gclúdach: Slua ag slógadh i Rae an Iarthair, Baile Átha Cliath, tar éis do na príosúnaigh a scaoileadh saor i 1917. Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

ISBN: 978-0-95084-702-7

# Clár na nÁbhar

| | |
|---|---|
| Brollach | 1 |
| Réamhrá | 3 |
| Luach na gcartlann áitiúil | 5 |
| Buíochas | 6 |
| Cúlra | 8 |
| Athchóiriú rialtais áitiúil | 13 |
| Proportional Representation | 18 |
| An Tabhairt Isteach d'Ionadaíocht Chionmhar in Éirinn | 19 |
| Toghchán Eanáir 1920 - comhairlí buirge agus uirbeacha | 27 |
| Toghchán mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh 1920 – comhairlí contae agus ceantair tuaithe | 36 |
| Mná agus an toghchán áitiúil de 1920 | 45 |
| 1920-1925 Rialtas áitiúil le linn tréimhse éagobhsaí | 49 |
| Roinnt pearsana suntasacha sna toghcháin áitiúla de 1920 | 54 |
| Fo-Nótaí | 58 |
| Léitheoireacht atá molta | 59 |
| Naisc ghréasáin le hailt | 59 |
| Nuachtáin | 60 |
| Foilseacháin | 60 |
| Aguisín 1 Torthaí thoghchán na comhairle contae i mí an Mheithimh 1920 mar a tras-scríobhadh iad ón *Freeman's Journal*, 12 Meitheamh 1920 | 61 |
| Aguisín 2 Liosta de sheirbhísí cartlainne na n-údarás áitiúil in Éirinn | 64 |



An chéad chruinniú de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí i ndiaidh thoghchán áitiúil 1920.
An Clr. Tomás Mac Curtain tofa mar an Ard-Mhéara
Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chathair agus Chontae Chorcaí

# Brollach



Is mór an onóir dom mar Aire Stáit do Rialtas Áitiúil agus Pleanáil brollach a thabhairt don fhoilseachán seo: Daonlathas agus Athrú - Na Toghcháin Áitiúla de 1920 in Éirinn.

Is cuid bhunúsach dár sochaí é an Rialtas Áitiúil. Trí stair agus forbairt an Rialtais Áitiúil sa tír seo a thuiscint, ligtear dúinn machnamh a dhéanamh ar a thábhacht inár saol sa lá atá inniu ann, ach freisin ar an gcaoi ar mhúnlaigh sé pobail na nglún a bhí ann roimhe seo.

Níl aon amhras ach go raibh Rialtas Áitiúil ina thiománaí tábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus phobail ag leibhéal áitiúil, chomh maith le seachadadh seirbhíse poiblí inár bpobail. Rinne sé ionadaíocht ar shochaí uile na hÉireann le 100 bliain anuas. Ligeadh do guth de gach ball den tsochaí a chloisteáil sa phróiseas daonlathach agus sna struchtúir chinnteoireachta áitiúla. B'fhéidir nach dtugtar faoi deara ról agus tábhacht an Rialtais Áitiúil uaireanta, ach tugann foilseacháin mar seo léargas ar cé chomh tábhachtach agus a bhí sé 100 bliain ó shin agus, mar a aibhsíodh le linn na paindéime reatha de COVID-19, cé chomh tábhachtach agus atá sé sa lá atá inniu ann.

Tá an t-ádh linn go bhfuil a leithéid de bhailiúchán de dhoiciméid stairiúla ag seirbhísí cartlainne ár n-údarás áitiúil a ligeann dúinn staidéar agus tuiscint níos fearr a fháil ar chomhthéacs na dtoghchán áitiúil ní ba thábhachtaí i stair an stáit, b'fhéidir. Nuair a léitear miontuairiscí cruinnithe, páipéir bhallóide agus ábhar cartlainne a raibh rochtain ag glúnta roimhe seo orthu, tugtar fíorbhlas ar an saol mar a bhí 100 bliain ó shin.

Is fiú a lua, áfach, in ainneoin na ndifríochtaí iomadúla inár saol inniu i gcomparáid le 100 bliain ó shin, go bhfuil bunús an daonlathais agus tábhacht an rialtais áitiúil mar an gcéanna.

Is féidir linn cosúlachtaí a fheiceáil idir an dá thréimhse in am - conas a bhunaigh údaráis áitiúla coistí chun dul i ngleic le saincheisteanna sláinte poiblí agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus seirbhísí poiblí a sholáthar in aimsir ghéarchéime agus iad ag brath ar ioncam ó rátaí agus muirir áitiúla. Cuireann an foilseachán béim freisin ar na bealaí inar spreagadh mná chun páirt a ghlacadh sa pholaitíocht áitiúil 100 bliain ó shin, obair a bhfuil an Rialtas an-diongbháilte í a chur chun cinn inniu i gcomhar le príomhpháirtithe a mhaoiníonn agus a thacaíonn an Roinn seo léi.

Gabhaim comhghairdeas agus buíochas ó chroí le Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil agus le gach duine a bhfuil baint acu le táirgeadh an fhoilseacháin thábhachtach seo a cheiliúrann Toghchán Áitiúil 1920. Tá súil agam go n-úsáidfear an leabhrán seo chun léitheoirí a chur ar an eolas agus léargas a thabhairt dóibh ar thábhacht an rialtais áitiúil agus na hionadaíochta daonlathaí inár bpobail. Mholfainn do léitheoirí céim amháin eile a ghlacadh agus teagmháil ghníomhach a dhéanamh le d'údarás áitiúil chun tuiscint a fháil ar an obair ríthábhachtach atá á déanamh aige duit féin agus do do phobal.

Peter Burke, TD,
an tAire Stáit do
Rialtas Áitiúil agus Pleanáil

# Réamhrá



Tá raidhse bunábhar i gcartlann na n-údarás áitiúil ina ndéantar doiciméadú ar fheidhmiú an rialtais áitiúil, agus don tréimhse 1919-23, san áireamh.

Ba phointe lárnach i stair an rialtais áitiúil in Éirinn iad na toghcháin áitiúla 1920 (údaráis uirbeacha i mí Eanáir agus na húdaráis eile i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh). Ba iad an chéad cheann inar úsáideadh vótáil Ionadaíochta Cionmhaire (IC). Tar éis na dtoghchán dhearbhaigh go leor údarás áitiúil a ndílseacht do Dáil Éireann, a raibh iarmhairtí móra aige don chóras rialtais áitiúil in Éirinn.

I gcomhthéacs Dheich mbliana na gCéad bliain, tá sé tábhachtach na himeachtaí seo a cheiliúradh; léiríonn siad nach streachailt míleata amháin a bhí sa streachailt ar son neamhspleáchais ach gur streachailt pholaitiúil agus phobail a raibh inti freisin. Bhí tacaíocht an rialtais áitiúil agus a dílseacht don Dáil Éireann nua thar a bheith tábhachtach ar mhaithe le saoirse na hÉireann sa tréimhse seo. Le toghchán den oiread sin iarrthóirí a raibh neamhspleáchas á lorg acu go raibh tacaíocht an phobail ann do chineál nua neamhspleáchais agus rialtais in Éirinn.

Ghearrfaí pionós ar údaráis áitiúla as a dtacaíocht le Dáil Éireann agus bheidís ag streachailt le deontais agus tacaíocht airgeadais a chailleadh ó Bhord Rialtais Áitiúil na Breataine. Rinne a lán comhairlí iarracht rátaí a bhailiú agus iad ag cur in aghaidh ruathar ó Chonstáblacht Ríoga na hÉireann agus ó Arm na Breataine. Rinneadh damáiste don bhonneagar agus ba dheacair teacht ar chistí ach d'éirigh le húdaráis áitiúla maireachtáil agus seirbhísí a sholáthar dá bpobail.

Athrú tábhachtach ab ea tabhairt isteach na hIonadaíochta Cionmhaire freisin agus bhí sé le bheith mar bhunchloch dár gcóras polaitiúil. Féadtar breithniú ar an toghchán cathrach i gCorparáid Shligigh, áit ar úsáideadh é ar dtús báire, mar cheann de na toghcháin áitiúla is tábhachtaí i stair na hÉireann agus ba thoghchán fíor-ionadaíoch agus daonlathach a bhí ann den chéad uair.

Tá go leor le foghlaim ónár stair agus ba chóir dúinn a bheith bródúil aisti. Cuireann údaráis áitiúla seirbhísí cartlainne áitiúla, músaeim agus seirbhísí leabharlainne ar fáil chun ligean do dhaoine foghlaim óna stair agus a bheith bródúil as a n-áit i stair na hÉireann. Leanann údaráis áitiúla ag obair chun tacú le pobail áitiúla agus chun bonneagar a sholáthar trí amanna dúshlánacha eacnamaíocha, agus táimid bródúil as leanúint leis an traidisiún seirbhíse seo dár bpobail.

Michael Walsh, Cathaoirleach
Cumann Bainistíochta Cathrach agus Contae (CCMA)

## Luach na gcartlann áitiúil



Tréimhse shuntasach i stair nua-aimseartha na hÉireann ab ea Deich mBliana na gCéad bliain, a dtugtar uirthi anois, lena n-áirítear an tréimhse a chuimsítear sa leabhrán seo, 1919-1923, lena gcumhdaítear deich mbliana d'éirí amach, réabhlóid, críochdheighilt agus cogadh in Éirinn chomh maith le bunús an Stáit. Tréimhse ama atá doiciméadaithe go maith in institiúidí cartlainne náisiúnta agus Briotanacha, agus saothraíodh go leor dá mbailiúcháin chartlainne chun críocha taighde le roinnt blianta anuas. Rinneadh go leor taighde freisin ar sheirbhísí cartlainne áitiúla in Éirinn le blianta beaga anuas. D'fhonn feabhas a chur ar thuiscint an phobail i leith na tréimhse casta seo i stair na hÉireann, rinne cartlannaithe áitiúla catalógú ar bhailiúcháin maidir le Cogadh na Saoirse agus tréimhsí an Chogaidh Chathartha a bhaineann lena gcontaetha. Cuireadh feabhas breise ar thaighde trí thaispeántais áitiúla ar líne agus cainteanna ar chuid de phríomhimeachtaí na tréimhse lena n-áirítear comóradh céad bliain ar an chéad Dáil de 1919, trí chláir staire béil agus trí ábhar cartlainne rialtais áitiúil a dhigitiú.

Tharla an chuid is mó den mhéid a tharla le linn na mblianta réabhlóideacha ag leibhéal áitiúil. Déanann Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil cartlanna na n-údarás áitiúil a chothabháil agus a chaomhnú. Cuireann siad taighde áitiúil agus acadúil chun cinn, lena n-áirítear taighde ar an tréimhse ríthábhachtach seo inár stair a bhaineann le blianta beaga anuas. Bhí na toghcháin áitiúla de 1918 agus de 1920 ar cheann de na himeachtaí sainmhínithe le linn na tréimhse seo, agus le hábhar na gcartlann áitiúil, léirítear a dtábhacht. Déantar go leor de ghníomhaíochtaí na bhfear agus na mban a raibh róil shuntasacha náisiúnta acu i gCogadh na Saoirse a chaomhnú agus a dhoiciméadú i gcartlanna áitiúla I measc na cartlainne tá miontuairiscí na gcruinnithe, comhfhreagrais, grianghraif agus ábhar poiblíochta agus páipéir bholscaireachta arna ndeonú go príobháideach ag daoine aonair nó eagraíochtaí a raibh  baint acu leis an tréimhse i gcontae, i gcathair nó i mbaile. Tá an chuid is mó de bhailiúcháin na gcartlann áitiúil den tréimhse seo inrochtana chun críocha taighde; tá cuid acu ar líne anois agus dá bhrí sin tá siad inrochtana don domhan uile. Leis na cartlanna áitiúla ar 'Dheich mBliana na gCéad bliain', féadtar cuid de na bearnaí i stair na tréimhse an-suntasaí seo i stair na hÉireann a líonadh isteach.

An Dr Niamh Brennan, Cathaoirleach,
Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil (LGARM)

# Buíochas

Is mian le Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil buíochas a ghabháil leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil as an leabhrán seo a mhaoiniú. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil go háirithe le Rannán Rialtais Áitiúil na Roinne, as a gcabhair agus a dtacaíocht go léir.

Gabhaimid buíochas freisin le Michèle Cashman, Staidéar Áitiúil, Príomh-Leabharlann Shligigh; Mike Murphy, Roinn Tíreolaíochta, COC; An Dr John Crowley, Roinn Tíreolaíochta, COC; An Dr Mark Humphrys; Liam Kenny, AILG; an teaghlach Bulfin agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.




**Slógadh ar Shráid an Chapaill Bhuí, Corcaigh, 1917 - 1920**
Íomhá le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.


# Cúlra

Bhí athrú mór tagtha ar thírdhreach polaitiúil na hÉireann i dtréimhse ní ba lú ná deich mbliana roimh na toghcháin áitiúla i 1920.

Athrú mór amháin sa tréimhse seo ba ea leathnú na gceart vótála chun mná a chur san áireamh. Le hAcht Ionadaíocht na nDaoine 1918, tugadh an ceart vótála don chéad uair do go leor daoine in Éirinn, lena n-áirítear mná os cionn 30 bliain d'aois, agus breathnaíodh air mar dhul chun cinn mór i dtreo an fhíordaonlathais. Malartóir cluiche a bhí sa toghlacht leathnaithe, ach ba é an t-athrú is mó sa tréimhse díreach roimh na dtoghchán áitiúla de 1920 ná an méadú ollmhór ar an tacaíocht do neamhspleáchas náisiúnta.

Bhí an chuma air go raibh Rialtas Dúchais d'Éirinn dosheachanta, ach cuireadh bac air arís agus arís eile. I 1913, mar fhreagairt ar an dóchúlacht de Rialtas Dúchais, bhunaigh Aontachtaithe an Tuaiscirt eagraíocht paraimíleata a raibh go leor arm acu de níos mó ná 100,000 fear d'Óglaigh Uladh agus le tacaíocht ó choimeádaithe na Breataine. An bhliain chéanna, bunaíodh Óglaigh na hÉireann i mBaile Átha Cliath 'chun na cearta agus na saoirsí is coiteann do mhuintir na hÉireann ar fad a dhaingniú agus a chothabháil, le tacaíocht ó gach grúpa náisiúnaithe, lena n-áirítear Bráithreachas Poblachtach na hÉireann, Sinn Féin, Ord Ársa na nIbeirneach, Conradh na Gaeilge, agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann (IPP).

Nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda, scoilt na hÓglaigh idir na poblachtaigh agus na daoine a bhí i bhfábhar Rialtais Dúchais tar éis do cheannaire an IPP John Redmond MP glao ar shaorálaithe iad féin a liostáil i bhfórsaí na Breataine. Leis an gcogadh, cuireadh aon fhéidearthacht maidir le Rialtas Dúchais ar stad, agus faoi 1916 bhí an chosúlacht ann go mbeadh cionscríobh ollmhór i ndán d'Éirinn. Ag tapú na deise polaitiúla agus míleata, d'éirigh Óglaigh na hÉireann amach i mBaile Átha Cliath le linn na Cásca i 1916. Leis an freagra fíochmhar a thug arm na Breataine ar Éirí Amach na Cásca, chomh maith le bagairt an choinscríofa, agus feachtas poblachtach rathúil de shlógadh polaitiúil agus cultúrtha, tháinig athrú ar thuairim an phobail náisiúnaíoch i bhfabhar poblachta neamhspleáiche a bhunú.





**Fillteán comhfhreagrais ó Dháil Éireann, 1919-20**

Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chomhairle Contae na Gaillimhe

Léiríodh an t-athrú seo den chéad uair ag an mbosca ballóide i 1917, agus d'éirigh go maith le poblachtaigh i roinnt fothoghchán, lena n-áirítear Éamon de Valera in Oirthear an Chláir.

Le comhoibriú Pháirtí an Lucht Oibre, bhuaigh Sinn Féin 73 as 105 suíochán san olltoghchán i mí na Nollag 1918, agus ar an gcaoi sin chuir siad deireadh leis an IPP bunreachtúil, agus Páirtí an Rialtais Dúchais. Ní thógfadh poblachtaigh nua-thofa Shinn Féin a gcuid suíochán ag Westminster agus bhunaigh siad an chéad Dáil Éireann in Eanáir 1919, ag dearbhú neamhspleáchais náisiúnta. Ag an am céanna, cuireadh tús le Cogadh na Saoirse / Cogadh Angla-Éireannach le luíochán ar Chonstáblacht Ríoga na hÉireann (RIC) i Sulchóid Bheag, Co. Thiobraid Árann. I dtús báire ba éard a bhí i gceist le Cogadh na Saoirse go príomha ná airm a ghabháil agus príosúnaigh a scaoileadh saor. Ach, mar sin féin, d'éirigh an déine níos láidre ó mhí Mheán Fómhair 1919, leis an RIC, an Airm agus údaráis na Breataine faoi bhaghcat, scoite amach agus faoi ionsaí. Bhunaigh Dáil Éireann rialtas feidhmiúil agus cúirteanna, ag teacht in áit riarachán Chaisleán Bhaile Átha Cliath a bhí á feidhmiú ag an mBreatain. I rith mí Eanáir suas go mí Iúil 1920, tréimhse na dtoghchán áitiúil, liostáladh earcaigh shealadacha ón mBreatain, na 'Dúchrónaigh' agus Saighdiúirí Cúntacha, agus dá bharr, tharla coimhlint fíochmhar eadarnaíoch de  luíochán, díoltas treallach agus frith-dhíoltas i gcoinne gníomhaithe agus sibhialtaigh araon ar fud na tíre. Rinne an IRA go leor beairic RIC, go háirithe i gceantair thuaithe, a tréigeadh, a scriosadh nó a dhó. Bhí forlámhas an rialtais áitiúil ag poblachtaigh, Dáil Éireann agus an IRA dosheachanta.



Notice of motion. re. "Resolution"
In accordance with Notice given at last meeting. It was
Proposed by Mr Thomas D Sinnott sec by Mr John Murphy & passed Unanimously.
"That the resolution of the 10th May 1916, be cut
from the minute book of the Council, in the presence of the Council."

**Tairiscint a rinne baill de Chomhairle Dúiche Uirbeach Inis Córthaidh chun rún an 13 Bealtaine 1916 (inar cáineadh Éirí Amach 1916) a ghearradh ón leabhar miontuairiscí 'i láthair na Comhairle'  (4 Feabhra 1920)**

Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chontae Loch Garman

## **Torthaí an Olltoghcháin** - Éire ar Fad

| | | |
|---|---|---|
| **1910** | Páirtí Parlaiminteach na hÉireann | **73** |
| | Náisiúnaí Neamhspleách | **2** |
| | All-for-Ireland | **8** |
| | Liobrálaí | **1** |
| | Aontachtaí Liobrálach | **1** |
| | Comhghuaillíocht Aontachtaithe na hÉireann | **18** |
| **1918** | Sinn Féin | **73** |
| | Páirtí Parlaiminteach na hÉireann | **6** |
| | Aontachtaí an Lucht Oibre | **3** |
| | Aontachtaí Neamhspleách | **1** |
| | Aontachtaí Éireannach | **22** |



U271/H/2

REPRESENTATION OF THE PEOPLE ACT, 1918.

PARLIAMENTARY BOROUGH OF THE COUNTY OF THE CITY OF CORK.

Local Government Electoral Area of No. 5 Urban Electoral Division

Registration Unit of No. 5 Urban Electoral Division.

Polling District of College "K."

REGISTER OF ELECTORS.

Guy & Company Limited, Cork

Clúdach Chlár na dToghthóirí, 1920 do bhuirg pharlaiminte chontae chathair Chorcaí

Íomhá le caoinchead Cartlann Chathair agus Chontae Chorcaí

# Athchóiriú rialtais áitiúil


Leis an Acht Rialtais Áitiúil (Éire), 1898, a rith ina dhlí, rinneadh rialtas áitiúil a shruthlíniú. Chuir sé deireadh le feidhmeanna rialaithe, ach ní feidhmeanna dlíthiúla, na nArd-Ghiúiréithe agus bunaíodh na gcomhairlí contae, uirbeacha agus tuaithe.

Mar thoradh ar an gceart vótála leathnaithe, aistríodh ó chóras rialachais faoi cheannas tiarna talún go córas i bhfad níos ionadaí. Reáchtáladh níos mó ná 4,000 toghchán ceantair in Éirinn an 6 Aibreán 1899[1], rud a d'fhág go raibh ollbhua ag tromlach na náisiúnaithe, agus dá bhrí sin cuireadh an '… ..réabhlóid iontach i rialtas áitiúil na hÉireann i gcrích go gasta agus go réidh' [2] .

Ba iad príomhfhreagrachtaí na gcomhairlí iad siúd a aistríodh ó na hArd-Ghiúiréithe agus ó bhoird na gcaomhnóirí. Cuireadh deireadh leis na seisiúin tuairiscí agus ní raibh an tArd-Ghiúire freagrach as obair phoiblí a thuilleadh sannadh an dhá phríomhfheidhm a bhí ag bord na gcaomhnóirí - an ráta bocht agus dualgais an údaráis sláintíochta tuaithe - do na comhairlí.

### Cad a bhí san Ard-Ghiúiré

Bhí Ard-Ghiúiréithe ann ó ré na Normannach. Bhí siad neamhthofa agus comhdhéanta d'úinéirí talún a roghnaigh Sirriam an Chontae. D'fheidhmigh siad go príomha mar údaráis rialtais áitiúil ar leibhéal an chontae . Tugadh é sin ar an gcóras de bharr go raibh ar na hard-ghiúróirí a gcuid tograí agus buiséid oibreacha poiblí (tuairiscí) a chur i láthair sa chúirt le haghaidh smachtbhanna oifigiúil ag breitheamh . I measc na seirbhísí a sholáthair agus a íoc an tArd-Ghiúiré Cess, bhí ráta iníoctha ag áititheoirí, chun bóithre agus droichid a dhéanamh agus a dheisiú, tithe cúirte a thógáil agus tobhach chun tacú le hospidéil dúiche, scoileanna agus príosúin. Leis an Acht Rialtais Áitiúil (Éire) 1898, cuireadh comhairlí contae, uirbeacha agus ceantair, atá fós againn sa lá atá inniu ann, in ionad na nArd-Ghiúiréithe, mar chomhlacht riaracháin.


147

565. Local Government Elections: Read Local Government Board's Circular no 101/17. of the 12th June 1919, pointing out that under the Act of 1919, the Elections are postponed until the Ordinary day of election in the year 1920

**Sliocht as miontuairiscí Chomhairle Contae na Gaillimhe, 14 Meitheamh 1919, GC/1/3, lch147 (maidir le toghcháin a chur siar go dtí 1920)**

Íomhá le caoinchead Chartlann Chomhairle Contae na Gaillimhe


Áiríodh ar phríomhchumhachtaí na gcomhairlí contae bóithre agus droichid a thógáil agus a dheisiú; tógáil agus cothabháil tithe cúirte; tacaíocht do tearmainn mheabhracha, otharlanna contae agus ospidéil fiabhras; cróinéirí a cheapadh; an ráta bocht a thobhach agus a bhailiú; agus dualgais faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1894.

Bhí na comhairlí ceantair i gceannas na seisiún tuairiscí barónach agus gnó na nard-ghiúiréithe maidir le bóithre agus oibreacha poiblí, a raibh an costas á íoc ag an gceantar. Lean boird na gcaomhnóirí de bheith freagrach as faoiseamh do na bocht agus as feidhmiú an chórais íoclainne agus as breitheanna, póstaí agus básanna a chlárú. Rinneadh toghchán na gcaomhnóirí a chomhtháthú sa chóras nua rialtais áitiúil. Tháinig gach ball de na comhairlí ceantair tuaithe chun bheith ina mbaill de bhoird na gcaomhnóirí, agus reáchtáladh toghcháin speisialta a bhain leo siúd do na comhairlí ceantair uirbeacha do chaomhnóirí ó na ceantair uirbeacha[3].

## Na Boird Bhainistíochta

Tháinig an tAcht um Dhlí na mBocht (Éire) isteach i bhfeidhm in 1838. Faoin Acht sin, rinne an tír a roinnt ina n-aontas fé dhlí na mbocht agus teach oibre nó "teach na mbocht" i ngach aon cheann dóibh. Bhí bord caomhnóirí ar leith ag gach aon cheann dóibh chomh maith, chun iad a bhainistiú. Tháinig ardú ar an méid dualgais a bhí acu siúd le himeacht ama, agus i measc freagrachtaí a bhí acu áirítear an tsláinte poiblí, leanaí a chur amach ar altranas, an tithíocht tuaithe agus an tsláíntíocht.

Tar éis don Acht um Rialtas Áitiúil (Éire) a bheith rite i 1898, aistríodh go leor d'fheidhmeanna na mbord caomhnóirí chuig na comhairlí contae a bhí nuabhunaithe ag an am, agus tháinig laghdú ar an méid daoine a bhí sna tithe oibre de réir a chéile. Faigheadh réidh leis na boird, leis na tithe oibre agus leis an gcóras faoisimh faoi dhlí na mbocht go luath sna 1920í.



97

BOARD ROOM,

NEW ROSS, UNION,

Feb. 19th 1919.

Dear Sir,

At a Meeting of the Board of Guardians held on Saturday the 15th inst., the following resolution was proposed by Mr. M. Byrne, Chairman, and seconded by Mr. B. O'Neill:-

"That Mr. Max S. Green, Chairman of the Irish Prison Board, be requested to permit an independent Medical man to visit the interned Political Prisoners in Cork Gaol with a view to reporting on the state of their health and general condition."

They also directed me to forward a copy of the above resolution to each public body in the County with a request that they adopt a similar one and forward same to the Chiarman of the Prison Board.

Yours truly,
John J. Rockford
Clerk of the Union.

M. J. Finn, Esq.,
Clerk of the Urban District Council,
New Ross.

Bord Caomhnóirí Ros Mhic Thriúin ag glacadh le rún ina n-iarradh go gceadódh cathaoirleach Bhord Príosún na hÉireann na príosúnaigh imtheorannaithe i bPríosún Chorcaí scrúdú leighis neamhspleách a fháil, 19 Feabhra 1919.

Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chontae Loch Garman

Ar dtús, bhí baill agus lucht tacaíochta Pháirtí Parlaiminte na hÉireann go príomha i bhformhór na gcomhairlí, a thacaigh leis an tairiscint ar Rialtas Dúchais. Mar a léirigh Diarmaid Ferriter, staraí agus ollamh de Stair Nua-Aimseartha na hÉireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, áfach, 'leis an gcoimeádachas ollmhór a bhí sa bhallraíocht, chomh maith le haidhmeanna na n-údarás áitiúil nua, go deimhin, tréigeadh aon smaoineamh go dtiocfadh meon nua réabhlóideach chun cinn in Éirinn de bharr rialtais áitiúil a thabhairt isteach' [4] .


Mar sin féin, d'oibrigh na hinstitiúidí rialtais áitiúil éagsúla go maith i gcoitinne gan cur isteach gan staonadh ó Westminster[5], gan mórán maoirseachta a dhéanamh orthu, go dtí 1920.

Tar éis Éirí Amach 1916, de réir mar a tháinig staid pholaitiúil na tíre chun cinn agus a chuaigh an teannas i méid, d'athraigh dearcadh na gcomhairlí éagsúla amhlaidh freisin, agus bhí go leor acu, mar shampla, i mbun feachtais bríomhar ar son cearta agus scaoileadh na bpríosúnach.

Bhí toghcháin áitiúla le reáchtáil gach trí bliana, ach cuireadh na toghcháin áitiúla de 1917 ar atráth mar gheall ar leanúint den Chéad Chogadh Domhanda. Mar thoradh ar iarchur ina dhiaidh sin bhí bearna sé bliana ann idir na chéad toghcháin eile i 1920.

Idir an dá linn, ag an Olltoghchán de 1918, 'a rinneadh i dtír faoi chois míleata'[6], bhuaigh Sinn Féin bua mór do 73 suíochán as an 105 a bhí ar fáil dóibh. Le Forógra na Saoirse a fógraíodh ag Dáil Éireann an 21 Eanáir 1919 sa Seomra Cruinn i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath ba é an chéad seisiún de Pharlaimint Náisiúnta a tháinig le chéile in Éirinn le 300 bliain.

Scaoileadh na chéad urchair de Chogadh na Saoirse an lá céanna agus Sulchóid Bheag, Co. Thiobraid Árann agus tugadh isteach Cúirteanna Poblachtacha Dúiche i mí Aibreáin 1920 i mbeagnach gach dáilcheantar in Éirinn[7]. Mar sin, nuair a reáchtáladh toghcháin na comhairle ceantair buirge agus uirbeacha i mí Eanáir, agus na toghcháin do na comhairlí contae agus ceantair tuaithe i mBealtaine agus Meitheamh 1920, bhí gach ceann acu athraithe, 'athraithe go hiomlán' (i bhfocail WB Yeats), ó na toghcháin a reáchtáladh i 1914.



Registration Unit of No. 5 Urban Electoral Division.

DIVISION III. Persons entitled to Vote as Local Government Electors only.

| (1) No. | (2) Names in full. Surname first. | (3) Residence or Property occupied and abode of non-resident occupier. | (4) Nature of Qualification. |
|---|---|---|---|
| | BANDON ROAD. | | |
| 3229 | Bradley, Frank | 15 (82 North Main Street) | O |
| 3230 | Lavallin, Ellen | 78 | O |
| 3231 | Madden, Norah | 109 | O |
| 3232 | McSweeney, Elizabeth | 128 | O |
| 3233 | Murphy, Catherine | 132 | O |
| 3234 | O'Toole, Mary | 151 | O |
| 3235 | Caniffe, Catherine | 152 | O |
| 3236 | Murphy, Margaret | 159 | O |
| | COLLEGE ROAD. | | |
| 3237 | Crowley, Sheila | 40 | O |
| 3238 | Keating, Mary | 56 | O |
| | CONVENT PLACE. | | |
| 3239 | O'Riordan, Mary | 3 | O |
| 3240 | O'Riordan, Abina | 3 | O |
| | CROSSES GREEN QUAY. | | |
| 3241 | Woods, Edward | 1 | O |
| 3242 | Meagher, William | 15 (3 Hardwick Street) | O |
| | FULLER'S LANE. | | |
| 3243 | McSweeney, Kate | 30 | O |
| 3244 | Scannell, Bridget | 41 | O |
| | GILLABBEY STREET. | | |
| 3245 | Crowley, Ellen | 7 | O |
| 6246 | Wagner, Caroline E. | 22 | O |
| 3247 | Fleming, Nora | 31 | O |
| | GILLABBEY TERRACE. | | |
| 3248 | Blennerhassett, Richard | 6 | O |
| | GOULD STREET. | | |
| 3249 | O'Sullivan, Nora | 46 | O |
| 3250 | O'Neill, Kate | 51 | O |
| | GREENMOUNT AVENUE. | | |
| 3251 | Ryan, Marion | 1a | O |
| 3252 | Creedon, Margaret | 1a | O |
| 3253 | McCarthy, Ellen | 8 | O |
| 3254 | Curtin, Mary | 12 | O |
| 3255 | Reddin, Ellen | 21 | O |

College 73


Registration Unit of No. 5 Urban Electoral Division.

| (1) No. | (2) Names in full. Surname first. | (3) Residence or Property occupied and abode of non-resident occupier. | (4) Nature of Qualification |
|---|---|---|---|
| | GREENMOUNT VILLAS. | | |
| 3256 | Prenderville, James | 2 | O |
| 3257 | Dillon, Patrick | 3 | O |
| 3258 | McCarthy, Denis | 4 | O |
| | GREEN STREET. | | |
| 3259 | Mulcahy, Margaret | 11 | O |
| 3260 | Browne, John | 40 | O |
| | GUNPOWDER LANE. | | |
| 3261 | Mahony, Mary | 7 | O |
| | LOUGH ROAD. | | |
| 3262 | Cambell, Agnes | 16 | O |
| 3263 | O'Connor, Elizabeth | 23 | O |
| 3264 | O'Connor, Eva | 23 | O |
| 3265 | O'Callaghan, Margaret | 46 | O |
| 3266 | Carey, Catherine | 56 | O |
| | MALACHY'S LANE. | | |
| 3267 | Morley, Kate | 19 | O |
| | NINETY-EIGHT STREET. | | |
| 3268 | Looney, Mary | 4 | O |
| 3269 | Coleman, Ellen | 31 | O |
| 3270 | Foley, Mary | 39 | O |
| 3271 | O'Driscoll, Eliza | 45 | O |
| | PROTESTANT LANE. | | |
| 3272 | Armstrong, Julia | 2 | O |
| | ROCK VILLAS. | | |
| 3273 | Shaw, Marguerite Emilie | 3 | O |
| | RUSSELL'S LANE. | | |
| 3274 | Ahern, Kate | 2 | O |
| 3275 | Ahern, Nora | 2 | O |
| | SHARMAN CRAWFORD STREET. | | |
| 3276 | Maguire, Sadie | 3 | O |
| 3277 | Beford, Winnie | 3 | O |
| 3278 | Clifford, Kathleen | 4 | O |
| 3279 | Donovan, Annie | 5 | O |
| 3280 | Holland, Rita | 7 | O |
| 3281 | McKechnie, John | 21 (Sunday's Well) | O |
| | ST. FINNBARR'S ROAD. | | |
| 3282 | Sheehan, Hannah | 14 | O |
| 3283 | Cronin, Julia | 23 | O |
| 3284 | McCarthy, Cornelius | 36 | O |
| 3285 | McCarthy, Alexander | 36 | O |

College 74

**Sliocht as Clár na dToghthóirí, 1920 do bhuirg pharlaiminte chontae chathair Chorcaí**

Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chathair agus Chontae Chorcaí


Ionadaíocht Chionmhar
An t-aon vóta inaistrithe
Iarrthóir 1
Iarrthóir 2
Iarrthóir 3
Iarrthóir 4
Iarrthóir 5
3
4
1
5
2

# An Tabhairt Isteach d'Ionadaíocht Chionmhar in Éirinn

Bunaíodh Cumann Ionadaíochta Cionmhaire na hÉireann sa bhliain 1911. Thacaigh an cumann le córas na vótála inaistrithe aonair do cheantair toghcháin ilchomhaltaí. Thacaigh náisiúnaithe ar nós ceannaire Shinn Féin Arthur Griffith lena aidhmeanna. Chreid sé go gcinnteodh a thabhairt isteach i dtoghcháin na hÉireann go ndéanfaí ionadaíocht chothrom ar náisiúnaithe agus ar aontachtaithe faoi rialtas Rialtas Dúchais. Thacaigh go leor aontachtaithe ó dheas le hIonadaíocht Chionmhar. Cuireadh an córas san áireamh sa Home Rule Act 1914, nár cuireadh i bhfeidhm riamh sa deireadh.


Úsáideadh an córas Ionadaíochta Cionmhaire den chéad uair in Olltoghchán 1918 in aon dáilcheantar amháin, Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Mar gheall ar rath iontach toghcháin Shinn Féin sa toghchán seo bhí ar rialtas na Breataine machnamh a dhéanamh ar chóras toghcháin na hÉireann. Tugadh faoi deara go raibh neamhréiteach idir sciar foriomlán Sinn Féin den vóta agus cion na suíochán a bhuaigh an páirtí, mar gheall ar an gcóras 'an chéad duine thar an líne'. Lorg an rialtas bealaí chun cosc a chur ar an bhforlámhas seo a bhí ag an bpáirtí agus spreag sé glacadh le hIonadaíocht Chionmhar i dtoghcháin ina dhiaidh sin.

Go háitiúil rinneadh triail as an gcóras den chéad uair i dtoghchán i gCorparáid Shligigh i 1919. Bhí staid airgeadais na Corparáide thar a bheith bocht, agus bhí méadú ag teacht ar an sainaitheantas i measc lucht gnó aontachtaithe agus náisiúnaíoch go raibh gá le hathchóiriú ar rialtas áitiúil. Rinne siad iarracht riocht an bhaile a fheabhsú, ionadaíocht ar an gCorparáid a leathnú agus cumhachtaí a leathnú go rátaí tobhaigh. Mhothaigh Protastúnaigh go háirithe go raibh siad díchumhachtaithe ag córas na dtoghchán 'an chéad duine thar an líne' a chiallaigh, fiú le níos mó ná 15% den daonra, nach raibh suíocháin ag a bpobal ar an gCorparáid. Go déanach i 1917, bunaíodh Cumann Íocóirí Rátaí Shligigh (SRA), ar a raibh íocóirí rátaí Protastúnacha agus Caitliceacha araon. Fuair siad tacaíocht go tapa ó náisiúnaithe feiceálacha agus comhairleoirí baile, agus d'fhás éilimh ar athchóiriú toghcháin sa bhaile.



**Thomas Scanlan MP**
Íomhá le caoinchead
Leabharlann Lárnach Shligigh

Go luath i 1918, thug MP Náisiúnach Shligigh Thuaidh, Thomas Scanlan, bille isteach i dTeach na dTeachtaí a tháinig chun bheith san Acht Corparáide Shligigh an 30 Iúil 1918. Tharla an toghchán buirge in Eanáir 1919, agus tharraing sé spéis fhorleathan, toisc gurbh é an chéad údarás áitiúil é chun Ionadaíocht Chionmhar a úsáid i dtoghchán in Éirinn nó sa Bhreatain. Vótáil líon mór de dhaoine, agus ba toradh cothrom a bhí ann i dtéarmaí páirtithe agus creidimh reiligiúnaigh. Ghlac Sinn Féin agus an Lucht Oibre (móide iarrthóir neamhspleách náisiúnach amháin) 13 shuíochán ar an gCorparáid nua, agus ghnóthaigh an SRA agus neamhspleácha eile 11 shuíochán ar fad.



BS 3(2)

Telephone—1797 Dublin

**The Proportional Representation Society of Ireland.**

President: LORD MONTEAGLE OF BRANDON K.P.
Chairman: PROFESSOR R DONOVAN. Chairman of Finance Committee: ALDERMAN MORAN, J.P.
Treasurers: RT. HON. JONATHAN HOGG, P.C. / SIR JOHN R. O'CONNELL, LL.D.
Secretary: E. A. ASTON. Asst. Secretary MISS BARRY.

65 MIDDLE ABBEY STREET
DUBLIN
7th October, 1919.

P.R.

The Town Clerk,


Sir,

LOCAL GOVERNMENT (IRELAND) ACT, 1919.

Your Council will doubtless have observed from the correspondence which has appeared in the Press that the Irish Government have finally decided not to accept responsibility for the instruction of candidates and electors in the operation of the new system of voting and the opportunities which it presents.

The Council of this Society greatly regrets this decision as it holds very strongly the view that the possibilities of the system will only be realised if it is fully understood in its various aspects by candidates and electors. In these circumstances the Council has decided that it is bound as far as possible to supply the necessary instruction.

Having pressed the Local Government Board to arrange for at least one popular lecture in each of the 127 Cities and Urban Districts in which elections will take place in January, my Council now proposes to carry out this campaign as far as possible with its own resources and in co-operation with Local Authorities. The Executive Committee, therefore, earnestly request the co-operation of the Chairmen and members of your Council in this voluntary effort.



2.

When the Sligo election was held, the Mayor convened a Town's Meeting, invited all the citizens to attend, and himself presided. A large gathering took place in the Town Hall, a lecture was delivered and followed by illustrative demonstrations and questions. That meeting and other popular means of education contributed greatly to the smooth working and general success of the Sligo Election.

My Council therefore suggest that the Lord Mayor, Mayor or Chairman of each Local Authority should consider taking immediate action upon similar lines. This Society will, as far as possible, meet demands for lecturers, and will be prepared to furnish the necessary equipment to enable those present at all meetings, by means of ballot papers and otherwise, to take part in an experimental operation of the system.

The time now available for such an extensive effort is very limited and my Committee would accordingly greatly esteem an early reply as to such arrangements as they may be desired to co-operate in in your District.

In order to avoid confusion I may add that my Council are gratified to know that the Local Government Board have accepted full responsibility for the technical instruction of Returning Officers and their staffs. This instruction, nevertheless, will not cover the necessities of the case as they will affect possible candidates and electors. But it is believed that the Society's work may be of real assistance to officials as an auxiliary to the technical assistance to be provided at the Government's expense.


I am, Sir,
Yours faithfully,

Secretary.

An leathanach seo agus an leathanach roimhe seo: Ciorclán ó Chumann Ionadaíochta Cionmhaire na hÉireann chuig gach údarás áitiúil, ag tagairt don oiliúint a theastaíonn do thoghthóirí agus d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla a bhí le reáchtáil in Éirinn, 7 Deireadh Fómhair 1919


Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chontae Dhún na nGall

Mhol polaiteoirí de gach claonadh agus an phreas áitiúil agus náisiúnta an glacadh le hIonadaíocht Chionmhar do thoghchán Shligigh. (sa *Sligo Champion* an 18 Eanáir luadh gur 'ócáid stairiúil' a bhí ann). Mar sin réitigh an t-imoibriú dearfach an bealach do rialtas na Breataine an córas a leathnú chuig gach údarás áitiúil in Éirinn in am do thoghcháin áitiúla ar fud na tíre i 1920. Rinneadh an síneadh seo a thabhairt isteach sa dlí faoin Acht Rialtais Áitiúil (Éire), 1919. Reáchtáladh na toghcháin i 1920 le linn Cogadh na Saoirse . Cumhdaíodh Ionadaíocht Chionmhar níos déanaí i mBunreacht Shaorstát na hÉireann.




**Fógra do thábhlaí na gCinn Chomhairimh do thoghcháin Ionadaíochta Cionmhaire, 1920**

Íomhá le caoinchead Chartlann Chontae Dhún na nGall


Council Chamber
30 January

First Meeting of the Newly Elected Aldermen & Councillors Elected under Local Government (Ireland) Act 1919 on the System of Proportional Representation

Present:-


Alderman Maurice Quinlan in the Chair

Alderman Dempsey
Connolly
White Dr
Cullen
Quinlan P.
Keane
Brett
Dawson
Brazil
Councillor Cunningham (Dr.)
Dunne
Power
Walsh

Councillor Norris
Gallagher
Maher
Larkin
Walsh (John)
Jones
Cahill
Whittle

Sliocht as miontuairiscí an chéad chruinnithe de Chomhairle Cathrach Phort Láirge a tionóladh tar éis an chéad toghcháin Ionadaíochta Cionmhaire, 30 Eanáir 1920

Le caoinchead ó Chartlann Chathair agus Chontae Phort Láirge



# FORM OF DIRECTIONS

FOR THE

# GUIDANCE OF THE VOTER IN VOTING

THE Voter will go into one of the compartments, and mark his Ballot Paper by placing the figure 1 opposite the name of the **Candidate** for **whom** he votes. He may also place the figures 2, 3, and so on, in accordance with the order of his choice or preference opposite the names of other Candidates (that is to say):—

He must place the figure 1 opposite to the name of the Candidate for whom he votes.

He may also place the figure 2 opposite to the name of the Candidate he likes second best, and place the figure 3 opposite to the name of the Candidate he likes third best; and so on.

If the Voter does not place the figure 1 on his Ballot Paper, or places the figure 1 opposite more than one name, or places the figure 1 and some other figure opposite the same name, or places any mark on the Paper by which he may be identified, or otherwise not authorised by the Local Elections (P.R.I.) Order, 1919, his Ballot Paper will be invalid and will not be counted.

After marking the Ballot Paper, the Voter will fold up the Ballot Paper so as to show the official mark on the back, and leaving the compartment will, without showing the front of the Paper to any person, show the official mark on the back to the presiding officer, and then in the presence of the presiding officer put the Paper in the Ballot Box and forthwith quit the Polling Station.

If the Voter inadvertently spoils a Ballot Paper, he may return it to the presiding officer, who will, if satisfied of such inadvertence, give him another Paper.

If the Voter takes the Ballot Paper out of the Polling Station or deposits in the Ballot Box any other Paper than the one given him by the officer, he will be guilty of a misdemeanour, and be subject to imprisonment for any term not exceeding six months, with or without hard labour.

***Examples of Ballot Papers validly marked.***

| Mark Order of Preference in Spaces below | Names of Candidates |
|---|---|
| 3 | DOYLE (JAMES DOYLE, of 10 High Street, Oilman). |
| 4 | LYNCH (JANE ELLEN LYNCH, of 12 Main Street, Grocer). |
| 2 | O'BRIEN (JOHN O'BRIEN, of 22 Wellclose Place, Accountant). |
| 5 | O'CONNOR (CHARLES O'CONNOR, of 7 Green Street, Gentleman). |
| 1 | THOMPSON (WILLIAM HENRY THOMPSON, of 14 Queen St., Silversmith). |
| 6 | WILSON (ROBERT WILSON, of 22 Ranelagh Square, Chemist). |

| Mark Order of Preference in Spaces below | Names of Candidates |
|---|---|
| | DOYLE (JAMES DOYLE, of 10 High Street, Oilman). |
| 3 | LYNCH (JANE ELLEN LYNCH, of 12 Main Street, Grocer). |
| | O'BRIEN (JOHN O'BRIEN, of 22 Wellclose Place, Accountant). |
| 1 | O'CONNOR (CHARLES O'CONNOR, of 7 Green Street, Gentleman). |
| | THOMPSON (WILLIAM HENRY THOMPSON, of 14 Queen St., Silversmith). |
| 2 | WILSON (ROBERT WILSON, of 22 Ranelagh Square, Chemist). |

DOLLARD, PRINTINGHOUSE, DUBLIN Ltd.

Fógra clóite maidir le foirm treoracha do threoir an vótálaí i vótáil, 1920

Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chontae Dhún na nGall


## Toghchán Eanáir 1920 - comhairlí buirge agus uirbeacha

Agus Cogadh na Saoirse ag dul in olcas, bhí tábhacht mhór ag baint le toghcháin áitiúla 1920. Chonacthas gur deis é dúshlán breise a chur ar rialú polaitiúil na Breataine i dtréimhse cogaíochta agus géarchéime polaitiúla a bhí ag dul i méid. Nuair a reáchtáladh na toghcháin áitiúla an 15 Eanáir 1920, bhí 14 póilíní Éireannacha maraithe cheana féin agus os cionn 20 gortaithe[8] de bharr na troda a thosaigh bliain roimhe sin.

Ba iad toghcháin bhuirge agus uirbeacha 1920 an chéad thoghchán a reáchtáladh faoin gcóras nua um Ionadaíocht Chionmhar in iarracht ag rialtas na Breataine cosc a chur ar an leibhéal bua a bhí ag Sinn Féin san olltoghchán de 1918. Toisc gurb iad na chéad toghcháin áitiúla a tionóladh tar éis 6 bliana, bhí go leor vótálaithe céaduaire i measc na dtoghthóirí agus go leor iarrthóirí nua ag rith den chéad uair. Roinneadh na hiarrthóirí idir na náisiúnaithe traidisiúnta nó an páirtí um Rialtas Dúchais agus na náisiúnaithe níos nua-aimseartha ina raibh deighilteoirí poblachtach, Sinn Féin, Lucht Oibre, grúpaí Deonacha agus iad siúd nach raibh sásta glacadh leis an bhfoirm de Rialtas Dúchais a bhí á tairiscint.

Rinneadh vótáil i raon foirgneamh poiblí ar fud gach contae lena n-áirítear scoileanna náisiúnta, leabharlanna, hallaí baile, tithe cúirte agus tithe oibre. Maidir leis na toghcháin uirbeacha i nGaillimh, tagraíonn an Connacht Tribune in alt dar dáta 24 Eanáir 1920 do na páipéir bhallóide a thabhairt 'go seomra an Bhreithimh i dTeach na Cúirte, agus do dhoras an tseomra a bheith curtha faoi ghlas agus séalaithe. Rinne beirt phóilín agus beirt ionadaí ó pháirtí Shinn Féin é a chosaint, chomh maith le hionadaí ón gCeann Comhairimh, ar feadh na hoíche '.

Rinneadh na vótaí a chomhaireamh de ghnáth i dteach na cúirte agus in oifigí ceardchumainn. Luadh san Irish Independent (16 Eanáir 1920) gurb é an 'toghchán ní ba leadránaí... a tharla riamh' i mBaile Átha Cliath agus 'an toghchán ní ba modartha' a reáchtáil riamh i nGaillimh sa Connacht Tribune (5 Feabhra 1920). Mar sin féin, tharla roinnt eachtraí, mar shampla nuair a gearradh príosúnacht trí mhí ar Frederick J. Allen, fostaí de chuid Chorparáid Bhaile Átha Cliath agus cathaoirleach choiste toghcháin Shinn Féin i mBaile an Rí as litríocht mhealltach a bheith aige ina sheilbh.[9.]



## Municipal Elections, 1920.

# RATEPAYERS' SELECTION.

**Your Vote is solicited** in favour of **the Candidates** whose Names appear in **heavy type.** These Candidates have been unanimously selected to represent the **Ratepayers of the Borough of Wexford. Votes for them** are Votes for **Efficiency** and **Economy.**

### St. Mary's Ward.
Form of Ballot Paper

| Mark order of preference in Space. | Names of Candidates. |
|---|---|
| | **BILLINGTON, JAMES** |
| | CLANCY, PATRICK |
| | **COFFEY, ROBERT A.** (Outgoing) |
| | CORISH, RICHARD |
| | CROSBIE, JAMES |
| | CUMMINS, LAURENCE |
| | **FENNELL, ALICE MARY** |
| | MARTIN, MICHAEL |
| | MORRIS, PATRICK |
| | **MURPHY, JAMES** (Outgoing) |
| | O'BRIEN, THOMAS |
| | **O'CONNOR, PATRICK** |
| | O'NEILL, DAVID |
| | RADFORD, LAURENCE |
| | **ROWE, CHARLES J.** |
| | SINNOTT, JAMES |
| | WALSH, JOHN |

### St. Iberius Ward.
Form of Ballot Paper.

| Mark Order of preference in Space. | Names of Candidates. |
|---|---|
| | **BYRNE, NICHOLAS** (Outgoing) |
| | **COWMAN, PHILIP** (Outgoing) |
| | HAYES, THOMAS |
| | KEHOE, JOHN |
| | **KIRWAN, JOHN** (Outgoing) |
| | LARKIN, JAMES |
| | **LYMBERY, MATTHEW** (Outgoing) |
| | **McGUIRE, WM. H.** (Outgoing) |
| | O'CONNOR, MATTHEW |
| | ROSSITER, THOMAS |
| | **SINNOTT, JAMES** (Outgoing) |
| | **THOMPSON, HERBERT** |
| | WALSH, THOMAS |
| | WHITE, PATRICK |

### St. Selskar Ward.
Form of Ballot Paper.

| Mark Order of preference in Space. | Names of Candidates. |
|---|---|
| | BOYSE, JOSEPH |
| | **BROWNE, JAMES** (Outgoing) |
| | BROWNE, MICHAEL |
| | CARTY, FRANCIS |
| | CONNOLLY, NICHOLAS |
| | **DEMPSEY, HENRY** |
| | **DOYLE, JOSEPH** (Outgoing) |
| | **GIBSON, RICHARD** (Outgoing) |
| | **HADDEN, GEORGE** (Outgoing) |
| | McMAHON, JAMES |
| | **O'CONNOR, MARY ANNE** |
| | O'CONNOR, MARTIN |
| | SINNOTT, JOHN |

The method of Voting is very simple. Put **1** in square in front of Candidate you like best; **2** before your second choice; **3** before your third choice, and so on until you have Voted for the **6** Ratepayers' Candidates, after which vote for the other Candidates of your choice.

Do **not** put a **X.** It will spoil your paper.

NOTE—Should you by mistake **S**poil your paper the Returning Officer will give you another one.


Samhail den pháipéar ballóide d'iarrthóirí a rinne ionadaíocht do na Íocóirí Rátaí sna toghcháin bhardasacha i Loch Garman, leis an mana gur vótaí le haghaidh éifeachtúlacht agus barainneacht a bheadh sa vótáil do na hainmneacha marcáilte i gcló trom'
The People, 14 Eanáir, 1920

Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chontae Loch Garman

Cé gur cruthaíodh ceannasacht Shinn Féin le toradh na dtoghchán bardasach, ba í an éifeacht a bhí ag an gcóras Ionadaíochta Chionmhaire ná gur bhuaigh mionlaigh uiríll nua. Ghnóthaigh an Lucht Oibre gnóthachain suntasacha agus ghlac Sinn Féin smacht ar shuíocháin i gceantair ar measadh gur daingneacha aontachtacha a bhí iontu roimhe seo i gCúige Uladh, agus rinne aontachtaithe an rud céanna i gceantair náisiúnaithe sa deisceart. Thug na toghcháin áitiúla deis do dhaoine aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla, agus i gCorparáid Shligigh, mar shampla, bhí Cumann na gCáiníocóirí Ráta ar bharr na vótaíochta.



**Grianghraf de Thomás MacCurtain, an chéad Ard-Mhéara poblachtach do Chorcaigh, 1920** Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chathair agus Chontae Chorcaí



**Síniú Thomás MacCurtain ag deireadh mhiontuairiscí a chéad chruinnithe mar Chathaoirleach ar Chomhairle Cathrach Chorcaí, 30 Eanáir 1920** Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chathair agus Chontae Chorcaí


WEXFORD TRADES AND LABOUR COUNCIL.

THE VOICE OF LABOUR.

In support of the Labour Candidates at the forthcoming Municipal Elections

A GREAT LABOUR

Demonstration

WILL BE HELD

On Sunday Next, January 11th

AT ONE O'CLOCK.

Trades Unions, with their Banners, will assemble on The Quay, between Common Quay Street and Anne Street.

All Workers, Women and Men, should take part and show that they are determined that Government by the People in the interests of the People must prevail in Wexford.


Mr. E. McAlpine, New York, and other well-known Speakers will deliver Addresses.

Several Bands will Attend.

SHALL THE PEOPLE RULE?

**Fógra clóite faoi thaispeántas a d'eagraigh Comhairle Ceirdeanna agus Saothair Loch Garman mar thacaíocht d'iarrthóirí an Lucht Oibre sna toghcháin bhardasacha i Loch Garman, 1920**

Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chontae Loch Garman


DUNDALK URBAN DISTRICT COUNCIL.

DECLARATION ACCEPTING OFFICE.

*I, Peter Hughes having been chosen Councillor for the South Ward of the Urban District of Dundalk, hereby declare that I take the said Office upon myself and will duly and faithfully fulfil the duties thereof according to the best of my judgment and ability.*

Peter Hughes


*Made and Subscribed before me this 20th day of Jany 1920*

*M. Comerford, Clerk of Council.*

Returning Officer.

**Dearbhú Peter Hughes maidir le glacadh le hoifig mar chomhairleoir don bharda theas UDC Dhún Dealgan, 20 Eanáir 1920**

Íomhá le caoinchead Sheirbhís Cartlainne Chontae Lú



In other respects this Election was novel. It was the first contested Election since the passing of the Representation of the People Act of 1918, which made important changes in the franchise, and gave the right of voting to married women living with their husbands, a condition which theretofore deprived them of the right to vote no matter how great their qualifications might be. By that Act the number of municipal voters was increased by about 63% The Act also provided a new qualification for membership of the Council, namely:- ownership of property situate in the Borough.

The following are some of the particulars of the Elections:-

There were six Members to be elected for each of the four Borough Areas.

St. Mary's North.

The following were validly nominated:-

| | |
|---|---|
| Dohan Francis, 66 Irishtown, Clonmel, | Coach Painter |
| Mackey Dominick 33, Gladstone Street Upper, Clonmel | Cycle Fitter |
| Mackey William 21, Mary Street Clonmel | Operative Baker |
| Power Joseph 50, Cashel Street, Clonmel, | Tailor |
| White Joseph 3, Wolfe Tone Street, Clonmel. | Tailor |
| Willimont Walter William, 4, Wolfe Tone Street, Clonmel. | Fitter |


Besides the foregoing nomination papers were delivered for:-

| | |
|---|---|
| Fayle William Thomas 23, Queen Street | Gentleman |
| Lowry Denis 4, Upper Gladstone Street | Merchant |

but these two latter nominations were invalid, and there being accordingly no contest the six validly nominated Candidates were on the 16th instant, declared duly elected for the Area.

Sliocht as miontuairiscí Chorparáid Chluain Meala, ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú de 63% líon na vótálaithe mar gheall ar cheart na mban pósta vóta a chaitheamh agus ina dtaispeántar na hiarrthóirí a toghadh do limistéar na buirge i dTuaisceart Naomh Muire, Cluain Meala, 1920

Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chontae Thiobraid Árann



103

30th January, 1920.

A Statutable Meeting of the Council was held this day at the Town Hall at noon.

This was the first meeting held under the Local Government (Ireland) Act, 1919, an Enactment which prescribed for the first time for Municipal Elections to be held under the Proportional Representation system of election.

The Elections for the new Council took place on the 15th Instant, when the following 24 persons were elected, namely.

As Aldermen:- James Sinnott, James Larkin, Richard Corish, Patrick Clancy, George Hadden, Nicholas Connelly.

As Councillors:- Nicholas Byrne, Thomas Rossiter, Thomas Hayes, Philip Cowman, Herbert Thompson, James Crosbie, John Walsh, Michael Martin, Laurence Cummins, Thomas O'Brien, James Billington, David O'Neill, James Sinnott, Alice Mary Fennell, Francis Carty, Joseph Boyse, Richard Gibson, Mary Anne O'Connor.


It so happened that all the above Members were in attendance.

Sliocht as miontuairiscí Chomhairle Contae Loch Garman, tar éis an toghcháin i mí Eanáir, an 30 Eanáir 1920, ag liostáil comhairle nua-thofa le

Íomhá le caoinchead ó Chartlann Chontae Loch Garman

Le líon ard daoine ag vótáil agus roinnt troideanna foréigneacha ag tarlú, mar shampla i gCorcaigh, bhuaigh Sinn Féin 560 suíochán, Lucht Oibre 394, Aontachtaithe 355, Páirtí an Rialtais Dúchais 238, Neamhspleáigh 161 agus leasaitheoirí cathrach 108. Ghlac Poblachtaigh smacht i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach, agus ní raibh ceannas foriomlán ag aon pháirtí amháin i bPort Láirge ná i nDoire (10). Bhí 10 as 12 chomhairle uirbeacha san iomlán i gCúige Uladh lena n-áirítear an Srath Bán, Doire, an Ómaigh agus Ard Mhacha anois faoi chomhrialú náisiúnaí/Sinn Féin. Ba í Béal Feirste an t-aon chomhairle uirbeach inar ghnóthaigh aontachtaithe smacht le 35 suíochán. Bhí 60 ball ann, 5 acu Sinn Féin, 5 náisiúnaithe agus 13 Lucht Oibre[11] .

